An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (AIM) - Toiliú Feasach

*Comhlánaigh gach roinn riachtanach thíos nó seolfar an t-iarratas toilithe ar ais

Is tionscnamh náisiúnta é An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú (Access and Inclusion Model - AIM) a thacaíonn le rochtain agus cuimsiú i gclár ECCE do leanaí faoi mhíchumas. Soláthraíonn AIM raon tacaíochtaí spriocdhírithe lena n-áirítear comhairle oideachais (Leibhéal 4), comhoibriú le gairmithe sláinte (Leibhéal 5 agus Leibhéal 6) agus más cuí, tacaíochtaí do chúnamh breise sa seomra réamhscoile (Leibhéal 7). **Áit ar gá, is féidir le AIM gairmithe ábhartha a thabhairt le chéile atá ag obair laistigh de Sheirbhís Speisialtóra Luathbhlianta Tús Níos Fearr (Better Start), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) nó Gníomhaireachtaí atá á maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, Pobal, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; An Roinn Oideachais agus Scileanna; An Roinn Sláinte, An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta nó Coistí Cathrach agus Contae i gCúram Leanaí, chun rochtain a fháil ar fhaisnéis nó comhairle ábhartha chun tacú le leanbh. Léigh Ráiteas Príobháideachais AIM.**

Teastaíonn do thoiliú uainn chun faisnéis a bhailiú agus a chomhroinnt maidir le do leanbh leis na gairmithe ábhartha ainmnithe thuas. Cuirfidh sé seo ar chumas an Speisialtóir Luathbhlianta agus gairmithe eile tacú le cuimsiú do linbh sa réamhscoil do thréimhse a c(h)lárúcháin ECCE agus chun pleanáil a dhéanamh dá (h)aistriú chuig an mbunscoil. **Tá an toiliú seo bailí do thréimhse rollaithe do linbh sa chlár ECCE, sa suíomh ainmnithe.**

Áireofar i measc na faisnéise a bhaileofar:

- Faisnéis phearsanta do linbh lena n-áirítear PPSN, ainm, seoladh, dáta breithe agus inscne
- Ainmneacha agus sonraí teagmhála Tuismitheora nó Caomhnóra nó Cúramóra
- Faisnéis bailithe tríd an bPróifíl Rochtana agus Chuimsithe agus/nó Iarratas Caipitil
- Tuarascáil AIM ón HSE nó gairmí cúraim sláinte arna mhaoiniú ag HSE nó Múinteoir Cuartaíochta na Roinne Oideachais agus Scileanna don suíomh réamhscoile agus/nó iarratais chaipitil

D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na faisnéise a bhaileofar:

- Faisnéis Measúnaithe Sláinte, tuarascáil achomair Measúnaithe Riachtanas (más ann dá leithéid)
- Faisnéis bailithe trí bhreathnóireacht ar do leanbh sa suíomh réamhscoile
- Mionsonraí gairmithe sláinte ábhartha a bhfuil baint acu le do leanbh i.e. Liachleachtóir Ginearálta nó Dochtúir Teaghlaigh, Teiripeoir Saothair, Teiripeoir Urlabhra agus Teanga, Fisiteiripeoir, Síceolaí, Péidiatraí, Éisteolaí, eile.

* Ainm an Linbh (bloclitreacha)			
* Uimh. Thagartha DCYA		* Ainm an tSuímh Réamhscoile (bloclitreacha)	

Tugaim leis seo toiliú maidir le faisnéis faoi mo leanbh;

- A bheith á bailiú ag Seirbhís Speisialtóra Luathbhlianta agus Pobal agus á comhroinnt leis na gairmithe ábhartha faoi AIM a bhféadfadh baint a bheith acu le measúnú agus soláthar seirbhísí agus trealaimh do mo leanbh ina dhiaidh sin;
- Do Speisialtóir Luathbhlianta atá i mbun breathnóireachta agus nótaí a bhreacadh faoi eispéiris foghlama mo linbh laistigh den suíomh réamhscoile faoi AIM chun críche tacaíochtaí riachtanacha breise a shainaithint agus Plean Aonair Cuimsithe agus Rochtana a fhorbairt do mo leanbh a bheidh in úsáid ag a s(h)uíomh réamhscoile.
- A bheith á bailiú ag gairmithe sláinte thar ceann HSE nó gníomhaireachtaí atá á maoiniú ag HSE mar chuid den phróiseas seo atá le roinnt le gairmithe ábhartha mar atá thuasluaite chun soláthar seirbhísí agus trealaimh do mo leanbh amach anseo a cheadú;

*Ainm Thuismitheoir 1 nó Caomhnóir Dlíthiúil nó Cúramóra (bloclitreacha)			
*Gaol leis an Leanbh (bloclitreacha)			
*Síniú Thuismitheoir 1 nó Caomhnóir Dlíthiúil nó Cúramóra		*Dáta	

**Ainm Thuismitheoir 2 nó Caomhnóir Dlíthiúil nó Cúramóra* (bloclitreacha)			
**Gaol leis an Leanbh* (bloclitreacha)			
**Síniú Thuismitheoir 2 nó Caomhnóir Dlíthiúil nó Cúramóra*		Dáta	
***má tá an dara tuismitheoir nó caomhnóir dlíthiúil nó cúramóir ar fáil lena shíniú*			

Tabhair faoi deara: *Féadfaidh Tuismitheoir nó Caomhnóir Dlíthiúil nó Cúramóir toiliú a aistrarraingt am ar bith, féach ar an* ***Ráiteas Príobháideachais.*** *Beidh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí á chomhlíonadh nuair a phróiseálfar na taifid agus na sonraí ar fad.*

Forbairt Cáilíocht Luathbhlianta Náisiúnta National Early Years Quality Development

Rialtas na hÉireann Government of Ireland

pobal government supporting communities